

CINNEADH (CBES) 2022/1970 ÓN gCOMHAIRLE**an 17 Deireadh Fómhair 2022****lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 12 Lúnasa 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/452/CBES ⁽¹⁾, lenar cuireadh síneadh le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia ("EUMM Georgia"), arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) An 3 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1990 ⁽³⁾, lena gcuirtear síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2022.
- (3) An 6 Deireadh Fómhair 2022, ag cruinniú den Chomhphobal Polaitiúil Eorpach i bPrág, dhearbhaigh Poblacht na hAirméine agus Poblacht na hAsarbaiseáine a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe agus don Dearbhú a comhaontaíodh in Alma-Ata an 21 Nollaig 1991, inar aithin an dá Stát iomláine chríochach agus ceannasacht a chéile. Thairis sin, chomhaontaigh an dá Stát i bprionsabal le himscaradh mhisean sibhialtach CBSC de chuid an Aontais le taobh a gcomhtheorainn idirnáisiúnta d'fhonn rannchuidiú le hathbhunú na síochána agus na slándála sa limistéar, le cothú muiníne agus le teorannú na teorann idirnáisiúnta idir an dá Stát.
- (4) I litir a fuar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 22 Meán Fómhair 2022, thug Aire Eachtrach Phoblacht na hAirméine cuireadh do mhisean faireacháin sibhialtach CBSC chun na hAirméine chun na gcríoch sin.
- (5) Chun a áirithiú go ndéanfaí breathnóirí an Aontais a imscaradh go gasta ar bhonn sealadach, ba cheart an cúram a thabhairt do EUMM Georgia. Cúram sealadach atá i gceist agus, i bprionsabal, ní faide ná 2 mhí a mhairfidh sé.
- (6) Ba cheart Cinneadh 2010/452/CBES a leasú dá réir sin.
- (7) Cuirfear EUMM Georgia i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí gníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

⁽¹⁾ Cinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 213, 13.8.2010, lch. 43).

⁽²⁾ Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 248, 17.9.2008, lch. 26).

⁽³⁾ Cinneadh (CBES) 2020/1990 ón gComhairle an 3 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 411, 7.12.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh 2010/452/CBES, cuirtear an airteagail seo a leanas isteach:

“Airteagal 3a

1. Déanfaidh EUMM Georgia faireachán, anailís agus tuairisciú ar an staid sa réigiún thart ar an teorainn idirnáisiúnta idir Poblacht na hAirméine agus Poblacht na hAsarbaiseáine d’fhonn rannchuidiú le hathbhunú na síochána agus na slándála sa limistéar, le cothú muiníne agus le teorannú na teorann idirnáisiúnta idir an dá Stát.
2. Déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála measúnú straitéiseach, lena n-áirítear maidir leis an bhféidearthacht leanúint leis an gcúram sin, é a oiriúnú nó é a fhoirceannadh, 6 seachtaine tar éis an imscartha.
3. Tiocfaidh deireadh leis an gcúram sin nuair a chinnfidh an Chomhairle amhlaidh.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES
